Eagrán : Deireadh Fómhair 2021

Gaelscoil Thaobh na Coille

NUACHTLITIR

# Gaelscoil Thaobh na Coille

Beatha Teanga í a Labhairt

15/10/2021







## Comórtas Póstaeir Gaeilge Poster Competition

Cuireadh comórtas póstaeir Gaeilge ar siúl do dhaltaí R3 go R6 leis an nGaeilge a chur chun cinn agus le meas don teanga a mhúscailt agus a threisiú i measc na ndaltaí. Iarraidh ar na daltaí teachtaireachtaí dearfacha faoin nGaeilge nó nathanna cainte deasa Gaeilge a chur i láthair i bhfoirm póstaeir. Bhí an-chaighdeán do deo le feiceáil san obair a rinne na páistí ar fad agus bhí sé fíor-dheacair buaiteoirí a roghnú as gach rang. É sin ráite roghnaíodh dhá phóstaer as gach rang agus bronnadh T-léine Gaeilge ar na daltaí sin mar dhuais. Tá na póstaeir ar fad ar crochadh thart faoin scoil agus na póstaeir is fearr crochta ar an mballa sa halla áit gur féidir leis na páistí ar fad sa scoil iad a fheiceáil. Is féidir na póstaeir ar fad a bhuiagh a fheiceáil ar shuíomh ghréasáin na scoil.

*We held a poster competition for the pupils of R3 to R6 to promote the Irish language and to reinforce the children's pride in their native tongue. The pupils were asked to create posters with a positive message about the Irish language or to illustrate a nice Irish language phrase in poster form. The standard was very high and narrowing down the winners in each class was extremely difficult to do. That said, 2 posters from each class were chosen and the winners were presented with Irish language T-shirts. The posters can be seen around the school and the winning posters have been hung up in the hall for all the pupils to see. You can check out the winning posters on the*

## Maith Sibh a Thuismitheoirí Well Done Parents

Tá sé íontach tuismitheoirí a chloisteáil ag labhairt Gaeilge thart timpeall na scoile. Gan dabht mar go bhfuil cosc ar thuismitheoirí ar láthair na scoile is iad tuismitheoirí na naíonáin shóisearacha agus shinsearacha agus tuismitheoirí an naíonra a chloisim ag labhairt Gaeilge timpeall na scoile. Leanaigí leis an dea-chleachtas seo. Cuidíonn sé go mór linne agus muid ag iarraidh na daltaí a mhealladh leis an nGaeilge a labhairt mar mhódh cumarsáide nádúrtha eadartha féin lasmuigh den seomra ranga. Dóibh siúd atá ar bheagán Gaeilge nó nach bhfuil an oiread sin misnigh agaibh asaibh féin iarraim oraibh triail a bhaint aisti - tosaigh leis na beannachtaí ar nós 'Dia Duit', 'Conas atá tú?', 'Slán leat,' 'Bíodh lá deas agat' srl. agus tiocfaidh do chuid Gaeilge agus do chuid muiníne ar ais chugat gan mhoill.

*It's great to hear parents speaking Irish around the school. Obviously as parents are asked not to enter school ground due to Covid-19 protocols, it is the parents of the junior and senior infants and the parents of the naíonra who can be heard speaking Irish around the school. Please continue with this good practice. It helps and supports us in our work as we encourage our pupils to speak Irish as a natural means of communicating with each other outside the classroom. For those who speak little or no Irish, I urge you to give it a try - start with the greetings such as' Dia Duit ',' Conas atá tú? ',' Slán leat, '' Bíodh lá deas agat' etc. and your Irish and your confidence to speak it will come back to you.*

## Lá na nGeansaithe 2021

Buíochas le gach duine a thacaigh le lá na nGeansaithe ar an Aoine 8 Deireadh Fómhair. Bailíodh **€1,078** do Goal ar an lá (Cuireadh €128 a bailíodh as díolachán na éadaí scoile athlámhach leis an t-airgead a bailíodh ar an lá).

Tá GOAL ag bailiú airgid i mbliana le cuidiú leis an troid i gcoinne COVID-19 ar son 14.3 mhilliún duine sna tíortha seo a leanas: An Aetóip, An Cholóim, Háítí, Hondúras, An Iaráic, An Mhaláiv, An Nígir, Siarra Leon, An tSiombáib, Siria, An tSúdáin, tSúdáin Theas, An Tuirc agus Uganda. Tá cabhair dhaonnúil tábhachtach san lá inniu agus tá GOAL ag tacú trí shábháilteacht bhia, idirghabháil shlí bheatha agus trí bhéim a chur ar oideachas sláinte freisin.

## GOAL Jersey Day 2021

*Thanks to everyone who supported Goal Jersey day on Friday 8 October.* ***€1,078*** *was raised for Goal on the day (€128 collected from the sale of unclaimed items of school uniform was added to the donations collected on the day).*

*The Money collected will be used by GOAL in its fight against COVID-19. Last year, they reached more than 14.3 million people with lifesaving support in the following countries: Colombia, Ethiopia, Haiti, Honduras, Iraq, Malawi, Niger, Sierra Leone, South Sudan, Syria, Turkey, Uganda and Zimbabwe. Humanitarian aid remains vital too and GOAL continue to provide households with food security, livelihood interventions and providing health education.*

## Briseadh Meántéarma

Beidh an scoil dúnta ón Luan 25ú Deireadh Fomhair go Aoine 29ú Deireadh Fómhair 2021.

## Mid-term Break

*The school will be closed from Monday 25th October to Friday 29th October 2021.*



## Gléasadh na Samhna

Titeann oíche Samhna ar an Domhnach sula bhfilleann na páistí ar ais ar scoil i ndiaidh an bhriseadh Meán Téarma. Beidh cead ag na páistí teacht ar scoil i bhfeistis bréigéide sin ar an Luan an 1 Samhain (an chéad lá ar ais)

## Halloween Dress Up

*Halloween falls on the Sunday before the children return to school after the mid-term break. The children may come to school in fancy dress costumes there for on Monday the 1st of November (the first day back to school).*

## Cruinnithe Tuistí Múinteoirí

Eagraítear cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí gach bliain i mí na Samhna. Táimid ag feitheamh ar threoracha oifigiúla ón Roinn Oideachais maidir le reachtáil na gcruinnithe sin dá bhrí sin níl an cinneadh glactha fós an cruinnithe fíorúil ar Zúm nó cruinnithe beo ar láthair na scoile a bheidh iontu. Tá sé i gceist againn na cruinnithe a bheith ar siúl ar an gCéadaoin/Déardaoin 18/19 Samhain. Cuirfimíd na sonraí maidir le dátaí, clár ama srl amach chugaibh i ndiaidh na Samhna nuair a bhíonn soiléiriú faighte againn féin. Beidh coinne 10 nóiméad ag gach dalta sa scoil. Seolfar nasc chuig clár sceidealú coinní amach ag pobal na scoile chomh luath is gur féidir le gur féidir le gach duine coinne(í) a dhéanamh le múinteoir(í) a bpáiste(í).





## Parent Teacher Meetings

*Parent/Teacher meetings are held in the school every year at the end of November. We are still awaiting guidelines from the Department of Education regarding the parent teacher meetings there for we do not know whether this years meeting will be held virtually via Zoom or person to person in the school. We hope to hold the meeting on Wednesday/Thursday the 18/19 November. We will inform you of the date, times etc. after Halloween break once we receive official clarification and have finalised all the details. Each pupil in the school will be allocated the usual 10 minute. A link to the scheduling programme will be sent out to all the families in the school so that you can sign-up for meetings with your child's/children's teachers.*

## Naíonáin Shóisearacha 2022/2023

Foirm Iarratais ar Iontráil' a líonadh anois agus le seoladh ar ais chun na scoile roimh dheireadh an lae ar an **31/10/2021**

## Junior Infants 2022/2023

Application for enrolment to be filled and returned to the school before end of day on **31/10/2021**

## Naíonáin Shóisearacha 2022/2023

**Glacfar le hiarratais** i gcomhair iontráil don scoilbhliain 2022/2023 ón **01/10/2021** go dtí an **31/10/2021.** Is gá do gach duine a bhfuil spéis acu áit a fháil dá bpáiste i rang naíonáin shóisearacha don scoilbhliain 2022/2023 Foirm Iarratais ar Iontráil don Scoilbhliain 2022/2023 a líonadh anois – iad siúd a líon Foirm Réamhchláraithe roimh an 01/02/2020 agus iad siúd nach ndearna agus gur spéis leo áit a fháil sa scoil. Líon an fhoirm Iarratais ar Iontráil agus seol an fhoirm comhlánaithe ar ais ag an scoil roimh an 31/10/2021. Ofráilfear áiteanna sa scoil i rang naíonáin shóisearacha na bliana seo chugainn (MeánFómhair 2022) ar an Luan 22 Samhain 2021.



## 2022/2023 Junior Infant Class

***Applications for Admissions for the 2022/2023 School Year** will be accepted from **01/10/2021** to **31/10/2021**. Anyone interested in attaining a place for their child in junior infants in the 2022/2023 school year must complete an **Application Form for Admission for the 2022/2023 School Year** - those who had previously completed a pre-enrolment form prior to 01/02/2020 and those who had not done so but wish to apply for a place in the school. Completed application forms to be returned to the school by 31/10/2021. School places for next year's junior infant classes (Sept 2022) will be allocated on Monday 22nd November 2021.*

## An Chéad Chomaoineach

Tá R4A & R4B ar bís mar go mbeidh siad ag ceiliúradh a gCéad Chomaoineadh ar an Satharn seo chugainn an 24 Deireadh Fómhair. Beidh dhá sheirbhís ar siúl an lá sin, searmanas R4B ag 10;00 agus searmanas comaoinigh R4A ag 12:00. Buíochas leis an tAthair John Delaney a bheidh mar cheiliúraí ar an lá. Ta an t-Ádh linn go bhfuil sé ar a chumas an searmanas a cheiliúradh dúinn as Gaeilge. Buíochas ollmhór freisin le Gillian O'Dwyer (parish Sacramental Organiser) an té ar an dtiteann an tasc do-shannta na searmanais cóineartaithe agus comaoinigh ar fad do scoileanna uile an pharóiste a cuireadh ar athló de bharr na paindéime a eagrú agus a chomhordú agus a chur i gcrích.

Ceiliúrfaidh daltaí R3A & R3B a gCéad Chomaoineach ar an Satharn an 4 Nollaig, le cúnamh Dé.

## Seirbhísí Reiligiúnda - An Chóineartú

Cheiliúrigh Daltaí R6 2020/2021 Sacraimint an Chóineartaithe ar an Déardaoin an 30 Meán Fómhair. Bhí sé go hálainn ár gcuid iar-scoláirí a fheiceáil le chéile arís mar aon rang ghrúpa amháin mar go bhfuil siad scaipthe ar aon mheánscoil déag éagsúil. Bhíomar an -bhródúil as an tslí inar iompraigh siad iad féin le linn an tsearmanas agus an-áthas orainn gur éirigh leo an sacraimint a cheiliúradh le chéile ar deireadh, taréis don searmanas a bheith curtha ar athló cupla uair i rith na bliana de bharr na dianghlasála.



## Religious Ceremonies - Confirmation

*The pupils of R6 2020/2021 celebrated the Sacrament of Confirmation on Thursday 30 September. It was great to see our past pupils back together again as one class group as they are now scattered across eleven different secondary schools. We were very proud of the way they in which they behaved during the Ceremony and very pleased that they finally managed to celebrate the sacrament together after several postponements due to the lockdown.*

## First Communion

*R4A & R4B are very excited as they will finally celebrate their First Holy Communion on Saturday next the 24th of October. There will be 2 services on the day, the first ceremony for R4B at 10am and a second ceremony will follow for R4A at 12:00. Buíochas leis an tAthair John Delaney who will celebrate both masses for us as Gaeilge. We are very lucky to have him as our parish priest. míle buíochas also to Gillian O'Dwyer (parish Sacramental Organiser) who has the unenviable task or organising and co-ordinating all the postponed communions and confirmations for all the schools of the parish.*




*R3A & R3B will celebrate their First Communion on Saturday the 4th of December.*

## Boscaí Bróg na Nollag

Beidh muid ag bailiú boscaí bróg i mbliana ar son an **Christmas Shoebox Appeal.** Seolfar bileog eolais faoin bhfeachtas abhaile chugaibh an tseachtain seo (féach ag bun na málaí scoile) agus is féidir cuairt a thabhairt www.teamhope.ie le breis eolais a fháil. Más mian libh páirt a ghlacadh ann, seol na boscaí isteach ar scoil i ndiaidh an bhriseadh & roimh an **Aoine 5 Samhain.**

## Christmas Shoebox Appeal

*We will be collecting again this year for the Team Hope* ***Christmas Shoebox Appeal****. An information leaflet will be sent home this week (check bottom of school bag) and you can also visit their website @ www.teamhope.ie for further information. If you wish to participate please return your shoebox to the school after the mid-term break and before* ***Friday the 5th of November.***



## Rince Gaelach - Irish Dancing

Tá ár múinteoir álainn rince Nuala ar ais ag obair go lán-aimseartha sa scoil. Bíonn rang rince gaelach ag gach rang uair sa tseachtain. Táimid ar fad chomh sásta Nuala a bheith ar ais linn.

*Our Múinteoir Rince Nuala is back working full-time with us again. Each class has a weekly Irish dancing class. We are absolutely delighted to have Nuala back with us.*



# SCÉALTA SCOILE

Táimíd tosaithe ar ais ar an bhfeadóg stáin a theagasc do na páistí ó R3 go R6. B'éigean dúinn deireadh a chur leis le linn na paindéime.

*We have started back teaching the tin whistle to the pupils in R3 to R6. We had to stop teaching the tin whistle during the pandemic.*

Seo grianghraif de R3B i mbun ceacht feadóige amuigh faoin aer leis an Múinteoir Niamh Ní Dhúill



# SCÉALTA Ranga

## N2A & N2B

Thosaigh N2A & N2B ar Aistear an mhí seo. Táimid ag foghlaim faoi bhia tríd spraoi agus ealaín. Táimid ag baint an-taitneamh as!







## R1A & R1B

Tá Rang a haon ag díriú ar labhairt na Gaeilge agus tá na Múinteoirí an-sásta leis an dul chun cinn atá déanta ag na páistí ó thús na bliana. Tá an-chuid rannta, dánta, amhráin, rabhlóga agus seanfhocail ar eolas ag na páistí. Chomh maith le sin tá siad ag tabhairt faoi 'Mo Leabhrán Fómhair' agus tá obair álainn ealaíne déanta acu.

*Obair Ealaíne R1A - Duilleoga an Fhómhair*



## R5A

Tá Rang a 5A tar éis cúpla seachtain a chaitheamh ag plé le fíodóireacht. Ar dtús bhaineamar úsáid as frámaí beaga dronuilleogacha, agus bhogamar ar aghaidh go frámaí móra le sol chun an ollann a chur ó thaobh go taobh. Tá frámaí ciorcalach in úsáid freisin agus bhí taispeántas den ár gcuid oibre ar am mballa taobh amuigh den seomra ranga le cúpla seachtain anuas.



*Arnie & Alva i mbun fíodóireachta*





*George & Lauren i mbun fíodóireachta*

## R6A & R6B

Táimid tar éis tús a chur lenár mbliain deireanach sa bhunscoil. Tá foinn nua á bhfoghlaim againn ar an bhfeadóg stáin agus tá ceachtanna á dhéanamh againn faoi láthair ar an maighnéadachas agus an leictreachas sa eolaíocht. D'fhoghlaimíomar freisin gurb í tarraingt na gealaí ar an domhan is cúis leis na taoidí. Breathnaigh ar obair na dearthóirí intí ón dá rang.



*Saothar dearthóireachta R6A*



*Saothar dearthóireachta R6B*

## R5B

Rinne daltaí R5B súile dragúin a tharraingt ag baint úsaide as pinn luaidhe daite agus criáin. Roghnaigh siad dathanna osnádúrtha gealla agus iad ag obair leo. oibre.









## R6A

Tá oíche Shamhna ag teacht agus féinphortráidí i stíl Tom Burton á tharraingt ag R6A le cailc agus gualach.













*Obair Ealaíne R5B - Súile Dragúin*



*Obair Ealaíne R1B - An Fómhar*










